



‘... Tá grian Déiseach ag crónú do chneas Lochlannach
tá ceolaíocht éan, macallaí na gcreachairí le clos
is lapadaíl na dtonn ag slíocadh do chos
is iad ag tabhairt ruathair ar Cheann Heilvic.’

as an dán ‘Oda’, Áine Ní Fhoghlu

Ealaíona na Gaeltachta Aibreán 2009

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 100 ealain@udaras.ie



Port nua ag an Journal of Music

Bunaithe i 2000 ag an gceoltóir Toner Quinn, agus lonnaithe sa Spidéil i gConamara ó 2006, tá clú agus cáil bainte amach ag an Journal of Music in Ireland mar iris cheoil den scoth, le hardchaighdeán scribhneoireachta ar shaol an cheoil in Éirinn agus dearadh an-tarraingteach chomh maith.



Ag clúdach go leor seánaí – go háirithe an ceol traidisiúnta, snagcheol agus ceol comhaimseartha – léann na mílte ceoltóir agus lucht éisteacha timpeall na cruinne í.

Tá teideal na hirise athraithe go dtí The Journal of Music ó Mhí an Mhárta tar éis ocht mbliana agus 49 eagrán. Deir eagarthóir na hirise, Toner Quinn, go léiríonn an tathrú seo an éagsúlacht ábhair san iris a bheith ag dul i míeid, agus ina theannta sin an rún atá aige an iris a fhorbairt ar an margadh idirnáisiúnta.

“Leanfaidh an Journal of Music ag soláthar cuntas ar shaol an cheoil in Éirinn, san áireamh na colún rialta faoin cheol traidisiúnta, an snagcheol agus faoin cheol comhaimseartha; léirmheasanna, agallaimh, liostaíimeachaí agus nuacht, ach, anuas air sin, beidh scribhneoireacht ann fosta ón Bhreatain, ón Mhór-roinn agus ó Mheiriceá,” arsa Toner.

Is é eagrán Aibreán–Bealtaine 2009 a chuireann túis leis an Journal of Music, agus eiseofar í gach dara mí ina dhiaidh sin, rud a chiallóidh go bhfaighidh gach síntíúsóir sé eagrán sa bliaín. “Tá ar intinn againn tuilleadh scribhneoireachta den scoth a thabhairt daoibh sna blianta atá romhainn”.

Tuilleadh eolais ó www.journalofmusic.com nó toner@journalofmusic.com/091-558824

Mise agus Oileán Chléire

Is cúis áthais do ‘Chumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Oileán Chléire’, le cúnamh ó ‘Ealaín na Gaeltachta Teo’ agus ó ‘Ionad Ealaíon Iarhar Chorcaí’, Tionscnamh Pobail san Ealaín a fhogairt dar teideal ‘Mise agus Oileán Chléire’. Is é is cuspóir don tionscnamh suiteáil mhór a chruthú a léiríonn culth thraigisiúnta cé go n-úsáidfear mórán disciplíní éagsúla ealaíne agus ceirde chun é a dhéanamh. Déanfaidh gach duine atá ranpháirteach cuid den ‘chuilt’ chomhaimseartha seo. Beidh gach giota ina sholaoid ar chaidreamh pearsanta an té a dheiineann lé is leis an oileán. Tabharfar na giotaí ar fad i bhfáil a chéile mar shaothar ealaíne a léireoidh cultúr agus oidhreacht an phobail a chónaíonn ar an oileán faoi láthair.

Tabharfar faoin tionscnamh



faoi treoir Bernadette Cotter, ealaíontóir, agus bainfear tairbhe as a cuid scileanna agus taithí le linn próiseas deartha an tsaothair ealaíne go dtí go mbeidh sé críochnaithe. Oibreoidh Bernadette as láimh le healaíontóirí agus lucht ceirde eile chun na bunsmointe a fhorbairt a chuirfidh tacá faoin saothar.

Seimineár poiblíochta d'earnáil na nEalaíon

Eagróidh Ealaín na Gaeltachta an dara Seimineár Poiblíochta diríthe orthu siúd atá ag obair in earnáil na n-ealaíon, in ionad an Blascaoid, Dún Chaoin ar an 25 Aibreán. Cuirfidh na ceardlanna seo treoir ar fáil d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí ealaíne iad ag déileáil leis na meáin cumarsáide. Déanfar cur síos ar na slite is fearr le caidreamh a chothú le hirisceoirí ar leith agus le lucht na meán trí chéile. Leagfar béisim ar riachtanaí áirithe na n-ealaíontóirí agus na ngrúpaí ealaíne a bheidh ag freastal ar an seimineár.

Ar na haoi-chainteoiri beidh **Natasha Fennell**, Stiúrthóir ar Stillwater Communications, **Tomás Hardiman** stiúrthóir ar a chomhlacht Iéiriúcháin Parzival Productions agus **Harry McGee** Iriiseoir leis an Irish Times. Táitíle: Ealaíontóir aonair €15. Grúpaí ealaíne €30.

Ní mói áit a chur in áireamh roimh ré. Déan teagmháil le hEibhlín de Paor, 066 91 50100; e.depaor@udaras.ie



Peadar Ó Treasaigh, Pádraic Ó Tuairisc agus Caitriona Ni Chonaola san dráma Craos le Salamandar.

Drámaí raidió agus státse le teacht ó Salamandar

Tar éis camchuaireacht na bliana seo caite den dráma Craos ("Dráma grinn a bhfuil ábhar machnaimh ann, aisteoireacht den scoth, agus caint spleodrach deisbhéalach"—The Irish Times) tá Salamandar ar ais i mbun oibre agus dhá thoghadh mhóra na bliana seo

faoi láinseol. Tá tú curtha anois leis an gcead dá dhráma agus sraith trí dhráma raidio "Trí Bhraon" le Darach Ó Scolaí. Sin iad Coinneál Oraínn agus An Braon Aníos. Is i gcomhar le Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus le RTÉ Raidió na Gaeltachta a léireofar na drámaí. Craolfar iad san fhómhar.

Tá an obair tosaithe cheana féin ar an dráma Athnuachan, dráma atá bunaithe ar an úrscéal le Máirtín Ó Cadhain.

Osclófar an dráma sa Project Arts Centre i mBaile Átha Cliath ar an 20 Deireadh Fómhair agus tabharfar as sin é go Leitir Ceanainn, áit a mbeidh sé ar státse le linn an Oireachtais. Tá sé i gceist é a thabhairt ar camchuaireacht Ghaeltachta ina dhiaidh sin.

Beidh éisteachtaí ar bun do na drámaí sin ar fad go gairid, agus beidh gach eolas ar fail ar an suíomh nua www.salamandar.net nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcompántas Salamandar ag eolas@breacan.ie.



COMÓRTAS LITEARTHA DO NA MEÁNSCOILEANNA GAELTACHTA

Ar Link Box le hAimée

(mo neacht atá 3 bliana d'aois)

le Criostóir Mac Ruaidhrí, Pobalscoil Thoraí

Taisteal ar link box an rud is fearr a d'fhéadfadh fear a dhéanamh!
Seans aige amharc siar san áit a raibh sé
Amharc siar ar an phracas a rinne sé
Amharc an mbeidh lorg ar bith dó ina
dhiadair

Duitse a Aimée
Guím nach ag amharc siar a bhéas tú
Ach chun tosaigh
Nach aifeál a bhéas ort ach dóchas, agus ...
Nach Link box a bhéas agat ach convertible.

Bhuaign an dán thuas duais anuraidh sa gComórtas Liteartha do Mheánscoileanna na Gaeltachta a reachtálann Údarás na Gaeltachta agus atá curtha in eagarr ag Ealaín na Gaeltachta. Léiríonn an píosa filíochta seo an chruthaíocht agus an scil teanga atá ag scoláirí óga na Gaeltachta agus go bhfuil feith an scríbhneora go smior iontu. Is comórtas fforthábhachtach é an Comórtas Liteartha a ghríossan daoine óga chun na scribhneoireachta, agus a chotháinn spéis agus dúil iontu sa scribhneoireachta Ghaeilge. Is cuis mhisnígh freisin i ilgħnéitheacht, beocht agus éagsúlacht na scribhneoireachta, rud a chinneoidh todhcháil láidir agus fada do litríocht na Gaeilge.

Is iad seo a leanas na ranna éagsúla sa chomharsa: **larrach Filíochta** (faoi 16 agus faoi 21); **Gearrscéal** (faoi 16 agus faoi 21); **Amhrán** (faoi 16 agus faoi 21); **Iriseoireacht** (faoi 16 agus faoi 21); **Iriseoireacht don Idirlón** (aoisghráupa 15-18); **Agallamh Beirte** (faoi 21); agus **Aiste** (faoi 16 agus faoi 21). Bronnfar teastas agus €100 don chéad duais agus teastas agus €50 don dara duais i ngach roinn i ngach ceantar.

Seolfaí arrachtaí na mbuaiteoirí ar aghaidh chuig Comórtas Liteartha an Oireachtais, áit a mbeidh siad san iomaíocht le haghaidh duaiseanna náisiúnta.

Féile Chomórtha Joe Éinniú

Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe, 1–3 Bealtaine

Reachtálfar Féile Chomórtha Joe Éinniú na bliana seo i gCarna, Co. na Gaillimhe, 1–3 Bealtaine. Bunaíodh an fhéile seo i 1986, le comóradh a dhéanamh ar shaoil agus ar shaothar an amhránaí chlúiti a bhásáigh i Seattle, i 1984 (comóradh ceathrú céid). Tá clár leathanimeachtaí leagtha amach don fhéile deireadh seachtaíne, ar a mbeidh ceolchoirm, ceardlanna, seisiúin, comórtais don aos óg agus ócайд ómóis don amhránaí Dara Bán Mac Donnacha a bhásáigh anuraidh. Is iad príomhimeachtaí na Féile i mbliana:

- Oscailt Oifigiúil le Máire Davitt
- Ómóis do Dhara Bán Mac Donnacha
- Ceardlanna:
Amhránaíocht ar an sean-nós: Caitlín Ní Chualáin Damhsa ar an sean-nós: Mick Mulkerrins
- Seisiúin foirméalta/neamhfhoirmeálta ceoil agus amhránaíochta.
- Seoladh ceirnín nua Rosie Stewart.
- Ceolchoirm na Féile.
- Cuirtear uaigh Joe Éinniú.
- Comórtas amhránaíochta don aos óg.



I measc na n-aónna a bheidh páirteach sa deireadh seachtaíne tá: **Alan McDonald** (Alba), **Mick O'Brien**, **David Power**, **Ciarán Somers**, **Séamus Tansey**, **Mick Mulkerrins**, **Seán McKiernan**, **Liz & Yvonne Keane**, **Nathan Polatske**, **Caitlín Ní Chualáin**, **Rosie Stewart**, **Róisín White**, **Josie Sheáin Jack Mac Donnacha**, **PJ & Marcus Hernon**, **Danny O'Mahoney**, **Patsy Brodrick**, **Bríd Ni Mhaolchiaráin**, **Clann Uí Dhúbháin**, **Mairéad Ni Fhlatharta**, **Máire Ni Choilm**, **Seán & Kevin Abeyta**, **Seán Garvey** agus **Lillis Ó Laoire**.

Tuilleadh elois le fáil ó Mhicheál Ó Cuair ag:
095-33599 / michealocuaig@hotmail.com

Féile Cásca Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Nasc idir litríocht na Gaeilge agus na físealaíona téama na bliana seo. Beidh turas ag triúr scribhneoirí ar na bunscoileanna leis na físealaíontóirí agus ina dhiaidh sin beidh tréimhse gairid ag ceathair físealaíontóir le daltaí agus múinteoirí na scoileanna. Is iad Gabriel Fitzmaurice, Bríd Ní Mhóráin agus Maithic Dainín Ó Sé na scribhneoirí agus beidh Andrew Duggan, Áine Uí Dhúbhsláíne, Lone Uí Raghallaigh agus Susan Ní Chearna i mbun ealaíne. Eolas: Máire Uí Shíthigh, Oidhreacht Chorca Dhuibhne 066 91 56100

An Liú sa Chuan

Bronnadh Ghreadam Filíochta Mhíchíl Uí Airtneáide 2008 ar Áine Ní Phoghlú, ag deireadh na bliana 2008 i Luimneach.

Ráiteas na moltóirí:

'Roghnaigh an coiste measúnóireachta an leabhar seo as a cheardúlacht agus as a chuid fileatachta. Is é a chaighdhan bhfeidhm orthu an tuiscint ghlinn



Greadam d'Áine Ní Phoghlú

ghlé don traidisiún ar leith amháin, agus an síneadh a bhaintear as an traidisiún sin ar an leith eile. Is minic athnuachar ar mhúnlá filíochta anseo arb annamh dóibh, agus is léir máistreacht neamhchoitianta ar an bhfriotal ó thús go deireadh. Tá an filíocht ann breac le híomhána aoibhne, agus ní mó ná go bhféadfá a rá nach bhfuil ball lag ar bith ann. Cuireadh suntas chomh maith in éagsúlacht an ábhair a léiríonn bá fhairsing agus tuiscint leathan. Nochtar mothúcháin anseo a théann go smior, agus sonann an chuid is fearr díobh sa chroí siar amach. Guth í a chuireann le héigse na hÉireann.'



Tá Gleann beag aoibhinn in Éirinn



Machnamh ar Oileán

Is ealaíontóir í Maeve Collins, a rinne saothar ealaín poiblí, Contemporary HyBarasil, ón ionspráid a fuair sí ar Inis Oírr — ón chaint laethúil agus ón áit go ginearálta — agus i ná conaí ann. Beidh Maeve agus grúpaí ar Inis Oírr ag déanamh tionscnamh chun an 'Machnamh ar Oileán' seo cheiliúradh, le cúnámh ó Ealaín na Gaeltachta trí Scéim Forbairt na nEalaín. Beidh leabhrán á scríobh agus á sheoladh aici faoin saothar ealaín agus gach rud a bhein leis an bpróiseas ealaíne. Cuirfidh Maeve ceardlanna ar fáil do Chomhrá na nÁosach le scileanna nua ealaíon a sheachadadh agus le dlúthdhiosca a dhéanamh. Beidh léachtanna ar siúl aici le Coláiste Ghobnait maidir leis na bealaí éagsúla a fheidhmíonn an Ealaín Phoiblí agus táfar ag súil go gcóthóidh an tionscnamh seo tuiscint i measc an phobail ar ealaíon phoiblí go ginearálta, agus a háit i saol laethúil an duine.

Tuilleadh eolais ó Chomhrá na nÁosach Inis Oírr 099/75008 nó ó Maeve Collins ag www.hybrasil.ie

Ó Bhéal Guth Béal

Scéim Ealaíontóir sa Phobal 2009

Beidh an cumadóir agus amhránaí Ger Wolfe i mbun oibre san earrach ar thogra cumadóireachta amhrán nua le seanóiri cheantar Mhúscrai ó ionaid lae Chois Coille, Cuan Barra, an grúpa Tacaíos ón Ionad Cultúrtha agus an grúpa a thagann go dtí Scóráiocht an Déardaoin san Ionad Áise i Ré na nDoirí uair sa mhí.

Mar a dúirt Ger Wolfe féin le déanaí: "Is cumadóir/amhránaí mise agus tuigim an neart atá sna hamhráin thraigisiúnta agus sna hamhráin nuachumtha chomh maith. Im' thuairim, níl aon teorainn leis an méid slite gur féidir linn ár smaointe a chur in iúl. Caithimid an ealaín a choimeád beo ach ag an am céanna, caithimid na seannrudá a chothú agus a cheiliúradh. Mar sin, ba mhaith liom iarracht a dhéanamh, le huirlísí mo cheirde féin agus lem'ealaín féin, scéalta na ndaoine seo a chur i mbéal an phobail arís i



Bríd Cranitch agus Ger Wolfe

bhfoirm amhrán nuachumtha."

Caithfidh Ger tréimhse ama le seanóiri an cheantair – iad siúd a fhreastalaíonn ar na hlonaid Lae, ach go háirithe – ag éisteacht lena gcuind cainte agus ag bailíú a gcuid scéalaí. As an idirmhalartú seo, beidh neart ábhair cumadóireachta aige chun cruth nuálach a chur ar na scéalaí seo i bhfoirm ceoil agus amhrán-aíocht chomhaimseartha. Ag deireadh na tréimhse seo, beidh cur i láthair poiblí san Ionad Cultúrtha ar an 22 Bealtaine ag ceiliúradh na tréimhshe cónaíthe seo agus an idirmhalartaithe idir Ger Wolfe agus an grúpa pobail áirithe seo.

Breis eolais le fáil san Ionad Cultúrtha agus ag www.gerwolfe.com

Tá méadú suntasach i spéis daoine, ar fud an domhain agus sa bhaile, i saibhreas chultúrtha na hÉireann. Rud a chuireann go mór le Dún na nGall mar áit ar leith a choinnigh an cultúr agus teanga dhúchasach slán trí na ciantsa. Tá

Oideas Gael ar siúl le cuig bliana is fiche i mbliana (1984-2009) agus is ábhar bród do na bunaitheoirí, an Dr Seosamh Watson agus Liam Ó Cuiinneagáin gur éirigh chomh maith leis an fhiontar. A bhúiochás sin, go speisialta, don fháilte fhaithiúil a chuireann muintir an Gheonna roimh na cuairteoirí agus an caighdeán ard

teagaisc a bhíonn á chur ar fáil ag na múinteoirí. Tá na cúrsáid diríthe ar labhairt na Gaeilge agus leis an chóras cumarsáide a úsáidtear, faigheann daoine amach go tapaidh go dtig leo an teanga a fhoghlaim i mbéal taitneamhacha agus éifeachtacha. Tagann daoine as uile chearn an domhan mór go dtí an baile beag álainn Gleann Cholm Cille, in lardheisceart Thír Chonaill le blaiseadh a fháil ar chultúr agus teanga na nGael. Binn suas le 1,600 duine a thagann ar chúrsái éagsúla, de chuid Oideas Gael, achan bhliain agus iadsan as níos mó ná tríocha téar dhifriúil chomh fada ar shíúil le Ceannada, Meiriceá, an tSeapáin agus an Astráil. Tá sceideal de chúrsái éagsúla i ngníomhaíochtaí cultúrtha chomh maith agus binn freastal maith as an síúl sléibhe, damhsaí seite, péintéireacht, cúrsái imshaoil, cláirsí agus feadóige.

Tuilleadh eolais ar fáil ag: www.oidseas-gael.com nó glaoigh ar 074 97 30248



AGALLAMH

Bhunaigh Ian Seoige agus Úna Ní hAoláin "Cló, (an t-ainm nua atá ag Cló Ceardlann na gCnoc), mórtionscnamh físealaíne, i nGaeilgeach Thír Chonaill deich mblíana ó shin. Is mó an forbairt agus an fás atá tagtha ar an ngrúpa sna blianta sin, agus le deireanaigh, bhog an grúpa isteach i bhfoirgneamh nuathógha i Mín an Leá. Tá an t-ionad suite faoi scáth na hEagaraille i gcroí lár áilleacht, aoibhneas agus maorgacht na gcnoc. Is barrionad do na físealaíona é an t-ionad úr seo a bheidh mar acmhainn iomadúil do fhísealaíontóiri, agus a tharraingeoideh gradam agus urraim idirnáisiúnta ar na físealaíona Gaeltachta. Labhair Ealaín na Gaeltachta le hlan Seoige, feidhmeannach de chuid an ghrúpa, faoin ionad úr agus faoi obair an Cló.

Cé hiad 'Cló' agus céard é an "ráiteas bunchuspóra", mar dea, atá agaibh?

Go príomha, is tionscnamh ealaíne é Cló a thugann ardán agus deis d'ealaíontóiri as gach cearn den domhan, agus do phobal na Gaeltachta, a theacht le chéile lena gcuid smaointe agus inspiráid cruthaitheacha a mhálatú agus a iniúchadh. Chuige sin cuirtear seirbhísí profisíunta i bhforbairt na n-ealaíon agus tograí malartaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil d'ealaíontóiri ar bhonn rialta. Déantar iniúchadh leanúnach ar na bealaí éagsúla gur féidir le halaíontóiri gnéithe den chultúr dhúchachas a shníomh agus a thógáil mar inspiráid le foirmeacha úra ealaíne a chruthú agus a thabhairt chun solais.

An bhféadfá cur síos ar an ionad úr físealaíne atá tógha agaibh i Mín an Leá, agus ar na hacmhainní agus na háiseanna a chuirfear ar fáil d'fhísealaíontóiri?

Is ionad state of the art nuathógha é, a tógadh le sainchuspóir agus a feistiodh leis an fearas agus an treallamh is déanaí. Cuireadh béim ar an



ardtheicneolaíocht agus ar na caighdeáin is airde cleachtais. Tá dhá árasán d'ealaíontóiri cónaithre san ionad. Tá spás ollmhór sa cheardlann féin agus tá láthair oibre ann. Maraon leis sin tá leabharlann, seomra multi-media, stiúidió ghrianghrafadóireachta, seomra bailliúcháin, stiúidió fiseáin, seomra do ríomhdearadh, oifig agus spás poiblí, spás do taispeántais, agus go leor eile. Ó thaobh treallaimh agus áiseanna de, tá cúpla preas eitseála agus preas liteagrafaíochta sa cheardlann, agus lena hais sin, cuirtear gach uile áis, uirlis agus píosa treallamh ar fáil atá ag teastáil chun píosa ealaíne a chruthú. Freastalaíonn muid ar gach stíl físealaíne a bhfuil ann: an mhínealaín, an liteagrafaíoch, dealbhóireacht, líniúch, priontaí, grianghrafanna, priontaí fiseáin agus gach réimse físealaíne eile.

Is áit ar leith i an t-ionad. Is i ndúiche álainn, dhraochtuíl atá sé lonnaithe. An raibh sé ar intinn agaibh "spás" spreagúil a chruthú d'ealaíontóiri?

Is cinnte go spreagfaidh an t-ionad nua an anáil agus an splanc cruthaitheach in ealaíontóiri, péintéiri, filí agus arale. Foinse inspiráide é an timpeallacht shuaimhneach,



álainn thart air. D'fhéadfá rá gur cineál "Tearmann cruthaioch" d'ealaontóirí é. Ach ní amháin sin., ar bhun praiticiúla, cuirtear gach cúnamh agus tacáiocht phraictiúil ar fáil d'ealaontóir agus iad i mbun a gcuid oibre. D'fhéadfai rá gur one-stop shop d'fhisealaontóirí é an t-ionad, mar go gcuirtear spás cruthaítheach ar fáil, mar aon leis gach áis, acmhainn agus treallamh le tacú leis an ealaontóir ionas go mbeidh sé nó sí ábalta píosa fisealaíona úr, dúshlánach a chruthú. Beidh sé ar ár gcumas cúrsáil oiliúna, ceardlanna agus ranganna a chur ar fáil mar aon leい taispeántas, imeachtaí, scéimeanna cónaithe, léachtáí, cur i láthair agus ariale a chur ar fáil d'ealaontóirí agus don pobal. Spás ilgheáitheach agus cinnteoidh na háiseanna agus acmhainní san ionad nua go bhfuil gach uile rud a reachtáinn muid déanta ar an gcaighdeán is airde agus go mbeidh barrionad fisealaíne sa Ghaeltacht.

Is léir gur ghné láidir agus lárnach é an cultúr dúchasach in obair 'Chló'. Cén tionchar nō tábhacht atá ag an gcultúr agus oidhreacht dúchasach ar fhís agus ar fhealsúnacht Chló Ceardlann na gCnó?

Is ábhar spéise agus inspiráide dom an choimhlint idir an sean agus an nua sa Ghaeltacht, agus an chaoi gur féidir leis an sean agus an nua a theacht le chéile sna healaíona Gaeltachta agus rud úrnána agus spreagúil a chruthú. Díol iontais é nuair a gcuirtear an rud traidisiúnta agus dúchasach i gcumasc leis an rud comhaimseartha agus is iontach an nasc nō an comhcheangal gur féidir cruthú idir an dhá rud seo. Is foinse saibhir d'ealaontóirí Gaeltachta é an tobar dúchasach.. Eascaíonn ealaíon úr, dúshlánach, fuinniúil, sainiúil agus uathúil as an cumasc idir an sean agus an nua. Is fisealaíne i nach bhfuil le fáil in aon áit eile ar domhan. Is rud speisialta agus éagsúil í. Seasann an ealaíon seo amach agus tá sé ábalta teaghmáil a dhéanamh agus labhairt leis an saol mór, agus seasamh ar chomhchéim leis an ealaíon idirnáisiúnta. Tá an uathúlacht seo atá ag na healaíona Gaeltachta ábalta aird agus gradam idirnáisiúnta a tharraingt ar na fisealaíona Gaeltachta agus féiniúlacht uathúil a thabhairt di feasta.

An bhfuil rud ar bith eile a sheasann amach faoin gcineál ealaíon a chruthaítear sa Chló; saintréithe a thugann éagsúlacht nō féiniúlacht láidir di?

Ceapaim go bhfuil muid i mbun rud éigeann than a bheith spéisiúil agus uathúil anseo sa Chló. Is díol suntais é gur féidir cros-siولr a dhéanamh idir na réimsí agus na cineálacha fisealaíon éagsúla anseo san ionad nua. Chomh maith leis sin, is féidir píosa ealaíne a chruthú ag baint úsáid as sean-modhanna agus modhanna nua déantúsaiocha. Mar shampla, is féidir cros-siولr a dhéanamh idir an dealbhóireacht, an línocht agus an liteagraíocht, áit a thagann an lámhtheicneolaíocht le chéile leis an nua-theicneolaíocht. Is féidir, mar shampla, na láimha agus ríomhairí a úsáid ag an am céanna chun píosa ealaíne nuálaíoch a chruthú, nō is féidir píosa ealaíne a chruthú sa tseanstíl ar phreas eitseála agus an prioritá eascaíonn as sin a úsáid le photoshop nó modh eile

den ríomhdhearadh comhaimseartha. Ina teannta is, is ábhar mór spéise dom é an teaghmáil agus an comhcheangal a chruthaítear idir an timpeallacht, an oidhreacht cultúrtha, an saol comhaimseartha agus na próiseas uilig atá le fáil sa Chló; nuair a thagann siad uilig le chéile i bpíosa fisealaíne. Is rud iontach tábhachtach agus spreagúil é sin. Cruthaítear fisealaíon dúshlánach, spreagúil agus thar a bheith uathúil. Is rud speisialta é sin nach bhfuil le fáil áit ar bith eile.



Dar leat, cén ról nō seasamh atá ag an ealaontóir féin san fis atá agaibh? Taobh amuigh den tacáiocht phraictiúil, cén cabhair nō inspiráid eile a thugann sibh don ealaontóir aonair?

Ceapann muid go bhfuil féinchumhachtú an duine nō "empowerment", maraon leis an bhforbairt pearsanta thar a bheith tábhachtach, agus tá sé mar cheann de na príomhspriocanna atá ag an gCló. Cuireann an Cló ar a chumas an ealaontóra dul amach sa saol mór le breis scileanna agus le breis saineolas (ag an caighdeán is airde). Bíonn i bhfad níos mó deiseanna acu ó thaobh fostaiochta agus féinhostaíochta mar thoradh ar an méid a d'fhoghlaim siad sa Chló. Ceapaim freisin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh na deiseanna, na háiseanna agus na hacmhainní céanna ag ealaontóir áitiúla anseo sa Ghaeltacht a bhfuil in áit ar bith eile ar domhan. Déanann muid iarracht sainscileanna agus saineolas ón taobh amuigh a thabhairt isteach agus malartú smaointe agus saineolas a chothú idir ealaontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Beidh deis ag ealaontóirí fanacht san ionad nua agus bualadh le healaontóirí eile, rud a chothóidh comhoibriú agus deiseanna foghlamtha óna chéile. Tugann muid árdán idirnáisiúnta don ealaontóir. Tugtar deis díobh teaghmáil a dhéanamh le saol na n-ealaíon idirnáisiúnta. Tá "access" an-tábhachtach dúinn, go mbeadh an deis gach duine na háiseanna atá agaínn a úsáid. Is féidir le healaontóirí áitiúla úsáid a bhaint as an gCló agus níl ardchoistas a bhaint leis. Tá sé seo rí-thábhachtach i gcomhthéacs na haeráide eacnamaiochta atá ann faoi láthair. Sílim go bhfuil córas agus fis thar a bheith daonlathach againn, gur áis don phobal agus don gcomphobal uilig é an Cló agus go gcuirfidh an t-ionad nua go mór le bail na n-ealaíon sa Ghaeltacht, agus go mór le saol na Gaeltachta.

imeachtaí

Cúige Mumhan

imeachtaí ionad Cultúrtha Baile Bhúirne:

17 Aibreán: Arís... Seoladh leabhair grianghrafnodóireachta le Con Kelleher le ceoltóirí den scoth ar stáitse ar an oíche

24 Aibreán: Ceolchoirm Thraidsiúnta le Donal Murphy (bosca ceoil), Steve Cooney (giotár) agus Gino Lupari (bodhrán)

1 Bealtaine: Jimmy McCarthy, amhránaí agus cumadóir

2 Bealtaine: Oll-cheolchoirm Aonach Ceoil Bhaile Bhúirne

15 Bealtaine: Ceol MusicNetwork le Tony MacMahon (bosca), Angelina Carberry (banjo) agus Allan MacDonald (piopáil)

Lab na Mainistreach: An Daingean

22 Bealtaine: 8pm Music Network - Ceolchoirm le **Duo Chagall** (cello is veidhlín)

Féile na Bealtaine: Gearr-dráma nua-cumtha ag Rachel Ní Fhionnáin le haisteoirí AnnÓg (dáta le socrú).

29-4 Bealtaine: Féile na Bealtaine, An Daingean, Co Chiarráil. www.feilenabealtaine.ie

12-14 Meitheamh: Tionól Gaeltachta á eagrú ag Dáil na Mumhan de Chonradh na Gaeilge, Baile Bhuirne, Cúl Aodha, ag a mbeidh **Ceardlann Scribhneoreachta** do scríbhneoirí Gaeilge. Eolas: Pádraig Mac Fhearghusa 087 290 1154 nó 066 71 24169

Féile na Cásca 2009 Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Nasc idir litríocht na Gaeilge agus na fisealaíona téama na bliana seo.

Eolas: Máire Uí Shíthigh, Oidhreacht Chorca Dhuibhne 066 91 56100

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltacha

Connachta & Co. na Mí:

Muireann Ní Dhroighneáin (091) 503220 m.nidhroighneain@udaras.ie

Mumha:

Eibhlín de Paor (066) 9150100/(026) 45366 e.depaor@udaras.ie

Tír Chonaill:

Micheál Mac Aoidh (074) 9560100 m.macaoidh@udaras.ie

Fidhmeannach Forbartha:

Micheál Ó Fearraigh (074) 9560100 m.fearraigh@udaras.ie

An tlarthar:

Aibreán 15-19: Féile Sult Ceiliúradh ceoil, amhránaíochta agus damhsa, le ceardlanna, scéalaíocht, seisiún agus go leor eile. Tir an Fhia, Leitir Mór, Co na Gaillimhe. Eolas: 091/551145

17-19 Aibreán: Féile na gCruit, Áras Éanna. Ceardlanna, ceolchoirm, seisiún agus léacht leis an Dr Janet Harbison. Aifreann ar an Domhnach leis na Cruit ar fad — 35 acu! Eolas 099/75150 www.araseanna.com



18-19 Aibreán: 'Caillíní na Monarchan' dráma le Frank McGuinness, léirithe ag Diarmuid de Faoite agus mic léinn an Ard-Diplóma sna Dána (Drámaíocht), Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. 8i.n. i Seanscoil Sailearna. Ticíd ar fáil ó Marianne 087 9080194.

22 Aibreán: Ceolchoirm Mhór ag mic léinn Diplóma sna Dána, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Coiriú agus Stáitsiú an Cheoil Thraidsiúnta) léirithe ag Beartla Ó Flatharta 8i.n. Seanscoil Sailearna. Ticíd ar fáil ó Marianne 087 9080194.

30 Aibreán - 4 Bealtaine:
Féile Phléaráca Chonamara ar Inis Meáin, Árainn. Imeachtaí ealaíona, chultúrtha agus siamsaíochta. Eolas: www.plearaca.ie agus 091 574346.



Coinnígí súil amach do ríomhhlitrí mhiosúil Ealaín na Gaeltacha i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ná dearmadaíte agus dhéanamh linn ag **ealaín@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolaí agaibh ar mhaith libh a fhogairt, nó má tá aon chomhairle uaih maidir le tionscnamh ealaíne a forbairt sa Ghaeltacht.



'Ronnach Buí 1' le Seán Ó Flaithearta. (100x120cm. Ola ar chanbhás)

14 Bealtaine – 6 Meitheamh: 'Scoilt leis an gcnáimh' – taispeántas le Seán Ó Flaithearta Gailearaí Norman Villa, Bóthar na Trá Íocht, Gaillimh. Eolas: 091-521131

22-24 Bealtaine: Ealaín ar Oileáin, Inis Óirí. Tionól d'ealaíontóirí agus do lucht suime na n-ealaíón, áit a bpléifear na ceisteanna a bhaineann leis na healaíona le sráth cainteanna, imeachtaí ceoil, drámaíocht, damhsa, agus taispeántas ealaíne. www.ealaínoileán.com

29 Meitheamh – 10 Iúil: Campa Samhraídh Phléaráca ionad Fiontair Ros Muc. Ceardlanna ealaín, drámaíocht, potadóireacht agus ceardaíocht do pháisti idir 6-12 bliain d'aois. Eolas: 091 574346.

17-26 Iúil: Féile lórras Féile idirnáisiúnta sna healaíona tuaithe. Béal an Muirthead. Co Mhaigh Eo www.feileiorras.org

Tír Chonaill

12-18 Aibreán: Féile Cuimhneachán James Byrne Ceiliúradh ar na healaíón traidisiúnta. www.ceolsaghleann.com

11-14 Meitheamh: Guth Gafa Féile Scánnání Fáisnéise, Gort an Choircé.

20-24 Iúil: Scoil Samhraídh Fidilíreachta: Gleann Cholm Cille. www.ceolsaghleann.com

4-18 Iúil: Féile Ealaíne an Earagail Imeachtaí ealaíne ar siúl ar fud Cho. Dhún na nGall. Eolas: www.eaf.ie

17-19 Iúil: Soilse Thoráí: Féile ceol, ealaíne agus amhránaíochta www.angalearaí.com

Údarás na Gaeltachta

arts
council
an chomhairle
ealaíon

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEICHTA
GOVERNMENT OF IRELAND DEPARTMENT OF CULTURE, HERITAGE AND THE COMMUNITIES